Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

**An Bhruiséil, 10 Deireadh Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**11577/22**

**LIMITE**

**CORLX 713**
**CFSP/PESC 1033**
**CSC 352**
**JAI 1067**
**ESPACE 107**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht i ndáil leis an leasú ar an gComhaontú idir an Ghníomhaireacht Eorpach Spáis agus an tAontas Eorpach maidir le slándáil agus malartú faisnéise rúnaicmithe |

1. An 22 Iúil 2022, thug Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála Moladh don Chomhairle le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear don Ardionadaí tús a chur le caibidlíocht leis an nGníomhaireacht Eorpach Spáis (GES) chun an Comhaontú maidir le Slándáil Faisnéise atá ann cheana a leasú (11575/22).

2. An 9 Meán Fómhair 2022, d'fhormhuinigh Coiste Slándála na Comhairle (CSC) (trí chomhairliúchán i scríbhinn) leagan leasaithe den dréachtchinneadh sin ón gComhairle (12313/22).

3. An 29 Meán Fómhair 2022, d'fhormhuinigh an Mheitheal um an Spás freisin (trí chomhairliúchán i scríbhinn) an dréachtchinneadh leasaithe sin ón gComhairle (13002/22).

4. An 6 Meán Fómhair 2022, tháinig Meitheal na gComhairleoirí um Chaidreamh Eachtrach (RELEX) ar chomhaontú maidir leis an dréachtchinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht chun an Comhaontú idir GES agus an tAontas Eorpach maidir le slándáil agus malartú faisnéise rúnaicmithe a leasú.

5. I gcomhréir le hAirteagal 218(10) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoin gCinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht sin.

6. Sna himthosca sin, iarrtar ar COREPER an méid seo a leanas a dhéanamh:

– an comhaontú maidir leis an dréachtchinneadh ón gComhairle a dhearbhú[1];

– a mholadh go nglacfadh an Chomhairle an dréachtchinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht i ndáil leis an leasú ar an gComhaontú idir GES agus an tAontas Eorpach maidir le slándáil agus malartú faisnéise rúnaicmithe, mar a leagtar amach in 11576/22 + ADD 1 é, tar éis bailchríoch a bheith curtha ar an téacs ag na saineolaithe dlí agus teanga.

PUBLIC

---

1 I bhfianaise a chineáil, ní fhoilseofar an Cinneadh seo san Iris Oifigiúil (féach Airteagal 17 (2)(b) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle).